V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10796 — GOOGLE / PHOTOMATH)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 77/02)

1. An 21 Feabhra 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]) agus tar éis tarchur de bhun Airteagal 4(5) den Rialachán sin.

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Google LLC ("Google", Stáit Aontaithe Mheiriceá), atá á rialú ag Alphabet Inc. (Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— Photomath, Inc. ("Photomath", Stáit Aontaithe Mheiriceá).

Gheobhaidh Google rialú aonair ar Photomath ina iomláine de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá Google gníomhach i raon leathan réimsí táirgí, lena n-áirítear an teicneolaíocht fógraíochta, an cuardach idirlín, an néalríomhaireacht, bogearraí agus crua-earraí. I measc táirgí agus seirbhísí eile, cuireann Google roinnt táirgí oideachais ar fáil, lena n-áirítear aipeanna, cláir agus uirlisí litearthachta digití, thar réimse ábhar, lena n-áirítear topaicí áirithe matamaitice,

— Soláthraíonn Photomath leagan saor in aisce agus leagan a chaithfear íoc as d'aip a chuidíonn le hobair bhaile a dhéanamh trí úsáid a bhaint as ceamara fóin chliste chun fadhbanna matamaitice siombalacha (ailgéabar, calcalas, graif etc.) a scanadh agus a aithint, agus ansin réitigh céim ar chéim a sholáthar d'úsáideoirí bunaithe ar a chumas dílsithe féin.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10796 — GOOGLE / PHOTOMATH

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË